GAELSCOIL NA FUINSEOIGE
Páirc Finsbury
Baile an Teampaill
BÁC D14 N960

F: (01) 298 9851
R: oifig@gsnafuinseoige.ie
www.gsnafuinseoige.ie
Rolla: 20487T

Polasaí ar an gclár 'Bí Sábháilte'

Múintear An Clár Bí Sábháilte i nGaelscoil na Fuinseoige. Is pacáiste teagaisc é a chruthaíodh do bhunscoileanna na hÉireann. Is an Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Páistí a rinne taighde agus a chuir le chéile é. An phríomh aidhm atá ag an gclár ná chun cosc a chur le mí-úsáid leanaí, idir fhisiciúil agus ghnéasach.

De réir na treoirlínte um chosaint leanaí, tá sé de dhualgas ar gach scoil an Clár Bí Sábháilte a mhúineadh. Rinneadh uasdátú ar an gClár Bí Sábháilte agus ón mbliana 2017/2018 ar aghaidh, cuirfear an Clár Bí Sábháilte nua i bhfeidhm.

Múintear an Clár Bí Sábháilte mar chuid den churaclam OSPS agus, mar aon leis na treoirlínte dea-chleachtais, múinfear mar chlár leanúnach dhá bhliain é, sa dara téarma don scoil bhliain. Tabharfaidh na múinteoirí faoin gClár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a mhúineadh ag an am céanna, le linn na blianta eile.

Glacfaidh páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang 6 páirt i gceachtanna foirmiúla ón gClár Bí Sábháilte.

Spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith páirteach trí labhairt lena bpáistí faoi na ceachtanna agus cabhair a thabhairt dóibh na bileoga oibre a bhaineann leis an gclár a chríochnú.

Is deá-chleachtas é na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas sula gcuirtear tús leis an gClár Bí Sábháilte agus an nasc www.pdts.ie/staysafe a tabhairt dóibh do bhreis eolais.

I gcás go mbaineann tuismitheoir/caomhnóir a bpáiste ón gClár Bí Sábháilte, coimeádtar taifead i scríbhinn dá gcúiseanna.

Tabharfar deiseanna do bhaill foirne freastal ar chúrsaí FGL bunaithe ar an gClár Bí Sábháilte nua.

Daingníodh an plean seo ag cruinniú Boird Bainistíochta ar an:

Cathaoirleach:_____ **Dáta**: _____

Príomhoide: _____ **Dáta**: _____